**Cuntas Leithreasa 2019**

# Vóta 10

# An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch ag an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar chaiteachais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.485 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

### Athrú reachtaíochta

Tháinig feidhm leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach agus leis an réimeas nua chun achomhairc chánach a phróiseáil i mí an Mhárta 2016. Tá creat rialachais nua-aimseartha á chur ar bun freisin i gcomhthráth leis na hathruithe reachtaíochta seo.

Achtaíodh an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus an Rialachán Réamheolaire), 2019 ar an 10 Nollaig 2019 agus cuireadh forálacha substainteacha an Achta i bhfeidhm le hOrdú Aireachta dar dáta an 18 Nollaig 2019 chun go bhféadfaidh an tAire Airgeadais Cathaoirleach a cheapadh don Choimisiún. Cuireann an tAcht seo an fhreagracht fhoriomlán ar an gCathaoirleach as bainistiú agus as gnó an Choimisiúin. Gníomhóidh an Cathaoirleach mar an Oifigeach Cuntasaíochta.

### Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gCiorclán 27 de 2019 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an gCoimisiún.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Rinneadh freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtai maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile agus fuair na nósanna imeachta ceadú fhoirmiúla i mí an Mheithimh 2020.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Le linn 2019, d'ullmhaigh an Coimisiún téarmaí tagartha le haghaidh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cheap siad comhaltaí nua chun an choiste seo i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó in 2019 agus cuireann comhairle orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Seirbhísí Tacaíochta***

Bunaíodh nósanna imeachta i ndáil leis an tseirbhís íocaíochta agus chuntasaíochta in 2016 nuair a bunaíodh an Coimisiún. Síníodh comhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe. Chlúdaigh an comhaontú seo cuntais/airgeadas, seirbhísí TF agus Iniúchóireacht Inmheánach. Rinneadh athbhreithniú ag deireadh 2019 agus mhol an Coimisiún feabhsuithe agus leasuithe beartaithe. Tá súil ag an gCoimisiún a bheith in ann na feabhsuithe seo a chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 tar éis Cathaoirleach an Choimisiúin a cheapadh.

I ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Cé gur cuireadh na nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe seo i bhfeidhm go hiomlán in 2019, níor cheadaigh an ARC go foirmiúil iad go dtí mí Iúil 2020. Folaíonn na nósanna imeachta seo na heilimintí seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, a óstáiltear ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim
- tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach.

***Comhlíontacht soláthair***

Tá an Coimisiún tiomanta do luach ar airgead a bhaint amach i leith soláthar soláthairtí agus seirbhísí atá riachtanach do ghníomhaíochtaí an Choimisiúin.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun comhlíontacht leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus chomhlíon an Coimisiún na nósanna imeachta seo i rith 2019.Cinntíonn an Coimisiún go ndírítear go hiomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Bhunaigh an Coimisiún feidhm iniúchóireachta inmheánaí le linn 2017, agus fostaíodh comhairleoirí iniúchóireachta inmheánaí chun na críocha seo. In 2019, ar chríochnú an chonartha seo leis na comhairleoirí ceaptha, tugadh faoi phróiseas tairisceana do sheirbhísí iniúchóireachta inmheánaí amach anseo. Ceapadh na hiniúchóirí inmheánacha roghnaithe ag deireadh 2019 agus d’aontaigh siad an plean iniúchóireachta inmheánaí don tréimhse 2020 go 2021 leis an gCoimisiún agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú Coiste de 2020.

Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go scrúdaítear tuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus go ngníomhaítear ina leith.

***Creat riosca agus rialaithe***

Le linn 2019, dhréachtaigh an Coimisiún clár riosca. Cuireadh an clár i láthair chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus rinne siad athbhreithniú air i mí na Nollag 2019. Dréachtaigh an Coimisiún polasaí bainistíochta riosca agus cuireadh é seo faoi bhráid an Choiste lena athbhreithniú. Cuireadh acmhainní breise ar fáil don Choimisiún in 2019 agus leagadh an cúram ar an bPríomhoifigeach Oibríochtaí córais agus nósanna imeachta um maolú riosca a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí sainaitheanta.

***Sáruithe sonraí***

Tharla roinnt sáruithe sonraí sa bhliain agus cuireadh in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí iad uile. Meastar go raibh riosca íseal ag baint le gach cás agus níor thabhaigh siad aon phionós ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Tá an Coimisiún ag cur na ngníomhartha seo a leanas i bhfeidhm chun cosaint sonraí pearsanta a neartú:

- Buntásc méadaithe ar gach comhfhreagras leictreonach seachtrach, a bhaineann leis an rúndacht a bhíonn i gceist le sonraí.
- Fuarthas bogearraí nua agus suiteálfar iad chun feabhas a chur ar na seiceálacha a theastaíonn roimh eisiúint gach comhfhreagrais leictreonaigh. Folaíonn sé seo foráil chun seiceáil a dhéanamh ar sheoltaí ríomhphoist seachtracha agus sonraí ina bhfuil faisnéis íogair phearsanta.

In 2019, tugadh polasaí cosanta sonraí chun críche agus ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht agus riarachán foriomlán na cosanta sonraí sa Choimisiún. Ceadóidh an Cathaoirleach nuacheaptha an polasaí agus glacfar leis go foirmiúil in 2020.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Mar bhonn taca ag monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach taobh istigh den Choimisiún le freagracht as forbairt agus cur i bhfeidhm an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais. Rinneadh athbhreithniú air seo ag deireadh 2019. Ag eascairt ón athbhreithniú seo, bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athcheapadh na hiniúchóirí inmheánacha tar éis próiseas tairisceana a cur i gcrích, agus cuireadh nósanna imeachta agus creataí rialaithe foirmeálta i bhfeidhm lena n-áirítear an creat riosca agus rialaithe.

***Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2019 a raibh nó a bhféadfaidh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh air.

***Tionchar phaindéim COVID-19***

Chruthaigh ráig na paindéime *Covid-19* dúshláin mhóra d’oibriú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach agus dá sheirbhísí a sholáthar, go háirithe éisteachtaí agus comhdhálacha bainistíochta cásanna a reáchtáil. Ó mhí an Mhárta 2020, cuireadh gach éisteacht siar agus de réir threoirlínte an Rialtais bhí an fhoireann go léir ag obair ó chian. D’fhreastail na baill foirne chuí ar an oifig nuair a theastaigh le cinntiú go leanfaí de sheirbhísí a sholáthar le linn na dianghlasála.

Ar an 4 Lúnasa 2020 chuir an Coimisiún tús lena chéimeanna chun filleadh ar an oifig. Chuir an Coimisiún tús arís le héisteachtaí a sceidealú agus chuir tús arís le héisteachtaí i bpearsa agus ó chian araon ó lár mhí Lúnasa. Tá prótacail dochta, lena gcomhlíontar treoirlínte an FSS, i bhfeidhm maidir le reáchtáil na n-éisteachtaí seo. Tá an rogha á tairiscint do pháirtithe chun freastal ar éisteacht i bpearsa in oifigí an Choimisiúin nó freastal trí rochtain ó chian le háiseanna físchomhdhála.

**Marie-Claire Maney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

28 Lúnasa 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Bainistiú na n-achomharc cánach*

Scrúdaítear, le Caibidil 14 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí i gcomhair 2019, mar a bhainistíonn an Coimisiún achomhairc chánach.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2020

# Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht | 3,348 | 1,772 | 1,426 |
| **Caiteachas comhlán** | | **3,348** | **1,772** | **1,426** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasuithe i gcabhair** | 140 | 49 | 60 |
| **Glanchaiteachas** | | **3,208** | **1,723** | **1,366** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, faoi réir géillte don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,484,735** | **260,170** |

**Marie-Claire Maney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

28 Lúnasa 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas an chláir** | | | |
| Pá | | 1,408 | 1,148 |
| Neamhphá | | 364 | 278 |
| **Caiteachas comhlán** | | **1,772** | **1,426** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasuithe i gcabhair** | | **49** | **60** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,723** | **1,366** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (48) | | |
| Dímheas | 34 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | (8) | 138 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú/méadú ar fhabhruithe deiridh/réamhíocaíochtaí | (18) | | |
| Méadú ar stoc | (2) | (20) | 29 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,695** | **1,533** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 536 | 380 |
| **Glanchostas cláir** | | **2,231** | **1,913** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 28 | 28 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 508 | 352 |
| | | **536** | **380** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 74 | 66 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 253 | 134 |
| Stoic | 2.2 | 7 | 5 |
| Réamhíocaíochtaí | | 50 | 34 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 310 | 173 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 36 | 38 |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | | 195 | 99 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.3 | 58 | 35 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 289 | 172 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 21 | 1 |
| **Glansócmhainní** | | **95** | **67** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.4 | **95** | **67** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2019 | 147 | 147 |
| Breiseanna | 48 | 48 |
| Diúscairtí | (13) | (13) |
| Costas nó luacháil amhail ag an 31 Nollaig 2019 | 182 | 182 |
| **Dímheas carntha** | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 81 | 81 |
| Dímheas don bhliain | 34 | 34 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (7) | (7) |
| Dímheas carntha amhail ag an 31 Nollaig 2019 | 108 | 108 |
| **Glansócmhainní amhail ag an 31 Nollaig 2019** | **74** | **74** |
| Glansócmhainní amhail an ag 31 Nollaig 2018 | 66 | 66 |

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 6 | 5 |
| Ábhar inchaite TF | 1 | — |
| | **7** | **5** |

## 2.3 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,485 | 260 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,427) | (225) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **58** | **35** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 253 | 134 |
| | 253 | 134 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9, Na Coimisinéirí Ioncaim | (195) | (99) |
| | **58** | **35** |

## 2.4 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 67 | 234 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 3,208 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,485) | | |
| Vóta glan | | | 1,723 | 1,366 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 536 | 380 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (2,231) | (1,913) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **95** | **67** |

## 2.5 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 115 | 34 |
| **Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí** | **115** | **34** |

## 2.6 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an gCoimisiún le himeacht dlí atá ar feitheamh a d’fhéadfadh dliteanas a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó tráthúlacht an dliteanais phoitéinsiúil neamhchinnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 2,648 | 1,408 | 1,148 |
| ii | Taisteal agus cothú | 40 | 2 | 4 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 100 | 72 | 98 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 20 | 23 | 8 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 420 | 161 | 116 |
| vi | Costais áitribh oifige | 50 | 13 | 4 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | 70 | 93 | 48 |
| | | **3,348** | **1,772** | **1,426** |

### Athruithe suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha don chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin: €2.648 milliún, toradh: €1.408 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €1.24 milliún ar thuarastail, pá agus liúntais ann mar gheall go raibh sé ag tógáil níos faide ar an gCoimisiún baill bhreise foirne a earcú ná mar a bhíothas ag súil leis, is é sin ó 14 go 29.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin: €420,000, toradh: €161,000*

Bhí an gannchaitheamh €259,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus speansais seirbhísí seachtracha TF ann mar gheall nár thosaigh forbairt ar an gcóras cásbhainistíochta nua in 2019.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasuithe i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 140 | 49 | 60 |
| | **Iomlán** | **140** | **49** | **60** |

Nóta [a] Baineann figiúr 2018 le hasbhaintí a bhaineann le pinsin. Ina n-áit seo a tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ón 1 Eanáir 2019.

## Nóta 5, Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 29 | 14 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,276 | 1,040 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1 | 9 |
| Ragobair | 5 | — |
| ÁSPC Fostóra | 126 | 99 |
| **Pá iomlán** | **1,408** | **1,148** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1 | — | 1,016 | 9,519 |
| Ragobair | 1 | — | 4,612 | — |

### 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Ba é náid suim na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana (2018: €2,217, duine aonair amháin).